Coimisiún na Meán

# Treoirlínte Comhairliúcháin

---

**Dáta foilsithe: 28 Meitheamh 2023**

Coimisiún na Meán

**Contents**

**Réamhrá** ........ 3
**Prionsabail chomhairliúcháin** ........ 3
**Foilsiú cáipéisí comhairliúcháin** ........ 4
**Tréimhse chomhairliúcháin** ........ 4
**Aighneachtaí** ........ 5
**Foilsiú aighneachtaí** ........ 5
**Rannpháirtíocht tar éis comhairliúcháin** ........ 5
**Tuarascáil chomhairliúcháin** ........ 6

Coimisiún na Meán

**Réamhrá**

Bunaíodh Coimisiún na Meán faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne 2022 chun soláthraithe seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a rialáil, chun an t-ábhar atá ar fáil ar sheirbhísí craolacháin agus ar sheirbhísí ábhartha ar líne a rialáil agus chun creat rialála a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne.

Éilíonn nó ceadaíonn forálacha áirithe de na hAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 go ndéanfaidh Coimisiún na Meán comhairliúchán leis an bpobal nó comhlachtaí éagsúla roimh chinntí a dhéanamh. Baineann na forálacha seo le comhairliúcháin ar rialacháin ghinearálta, amhail cóid seirbhíse meán a ghlacadh nó cód sábháilteachta ar líne a chur i bhfeidhm ar chatagóir seirbhísí. Baineann siad freisin le comhairliúcháin le heintitis aonair nuair a bheith tionchar ar eintiteas ag cinneadh beartaithe, amhail cód sábháilteachta ar líne a chur i bhfeidhm ar a sheirbhís.

Sa chás go bhfuil ceangal ar Choimisiún na Meán nó cead acu próiseas comhairliúchán poiblí a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna rialála, féadfaidh siad sin a dhéanamh de réir na nósanna imeachta comhairliúcháin a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is é atá sna treoirlínte seo ráiteas ginearálta ar na prionsabail infheidhmithe. Tá Coimisiún na Meán go hiomlán i dteideal imeacht ó na nósanna imeachta a leagtar amach sna treoirlínte seo, sa chás go gcreideann sé, i bhfeidhmiú a lánrogha, go mbeadh imeacht mar seo cuí sna tosca áirithe.

Ní bhaineann na nósanna seo le comhairliúchán le comhlachtaí poiblí eile nó le coistí comhairliúcháin. Ní bhaineann siad ach oiread le cumarsáid le linn imscrúduithe comhlíontachta nó imeachtaí forfheidhmithe.

**Prionsabail chomhairliúcháin**

Is é is cuspóir do chomhairliúchán eolas a chur ar fáil ar thopaic ábhar an chomhairliúcháin agus deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh. Níl sé ceaptha a bheith in ionad cinnteoireachta ach léiríonn sé an fhíric go mbaineann an próiseas cinnteoireachta tairbhe as an raon is leithne tuairimí agus an fhaisnéis is iomláine ar shaincheist faoi leith a bheith aige. Cuireann sé ar fáil freisin deis d'eintitis aonair breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a n-imreoidh cinneadh beartaithe tionchar orthu, rud a éascaíonn cinnteoireacht chomhréireach.

Tá Coimisiún na Meán go hiomlán tiomanta do phróiseas comhairliúcháin trédhearcach agus aithníonn sé gur féidir ceapadh beartais a fheabhsú trí rannpháirtíocht ghníomhach agus rannchuidiú páirtithe leasmhara i bhforbairtí polasaí faoi leith. Trína chinntiú gur féidir le páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl faoi mholadh ar leith, tá an próiseas cinnteoireachta níos eolaí, níos déine agus níos cuntasaí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil Coimisiún na Meán faoi cheangal dlí ag a cháipéisí comhairliúcháin, ná ní hionann iad agus comhairle dlí, thráchtála, airgeadais, theicniúil nó eile nó ní gá go leagann siad amach seasamh deiridh críochnaitheach Choimisiún na Meán ar ábhar ar bith faoi leith.

Roimh thús a chur le próiseas comhairliúcháin, féadfaidh Coimisiún na Meán dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun cabhrú leo saincheisteanna a shainaithint agus moltaí a cheapadh. Ní féidir réamhtheagmháil le páirtithe leasmhara a chur in ionad próiseas comhairliúcháin, ach féadfaidh Coimisiún na Meán í a úsáid chun eolas a chur ar fáil don phróiseas sin.

## Foilsiú cáipéisí comhairliúcháin

Sa chás go ndéanann Coimisiún na Meán comhairliúchán poiblí, cuirfear gach doiciméad comhairliúcháin ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Féadfar fógra a chur ar ár gcuntais mheán sóisialta freisin, agus a chur ar ríomhphost chuig daoine atá cláraithe linn chun fógraí foilseachán a fháil. Cuirfear fógraí freisin chuig duine ar bith a bhfuil oibleagáid reáchtáil ar Choimisiún na Meán dul i gcomhairle leo. Beidh cóipeanna crua agus formáidí inrochtana eile cáipéisí comhairliúcháin ar fáil ar iarratas. Nuair a éilíonn an dlí, cuirfear cáipéisí comhairliúcháin ar fáil freisin lena scrúdú.

Féadfaidh Coimisiún na Meán céimeanna breise a ghlacadh chun an comhairliúchán a chur in iúl do pháirtithe a mheasann sé go mbeadh spéis acu i gcomhairliúchán faoi leith. Mar sin féin, is é freagracht páirtithe ar dócha go mbeadh spéis acu i gcomhairliúcháin Choimisiún na Meán clárú le haghaidh fógraí, agus suíomh gréasáin agus cuntais mheán sóisialta Choimisiún na Meán a sheiceáil le haghaidh comhairliúcháin ar mian leo freagairt orthu.

Maidir le comhairliúcháin le heintitis aonair, cuirfidh Coimisiún na Meán in iúl go díreach do na heintitis sin faoi na cáipéisí comhairliúcháin.

Áireofar i gcáipéisí comhairliúcháin an dáta deiridh le haighneachtaí a fháil agus duine teagmhála laistigh de Choimisiún na Meán. Nuair is cuí nó a éilíonn an dlí, áireofar i gcáipéisí comhairliúcháin dréachtmholadh nó dréachtchinneadh le bheith mar bhonn leis an gComhairliúchán. Féadfar go n-áireofar iontu freisin breac-chuntas ar an mbeart molta agus na tosca a mheasann Coimisiún na Meán a bheith ábhartha don tsaincheist.

## Tréimhse chomhairliúcháin

De ghnáth is é an tréimhse ama a cheadaítear do pháirtithe leasmhara chun freagairt ar chomhairliúchán ná ceithre seachtaine, ach féadfaidh seo a bheith éagsúil i gcásanna áirithe mar gheall ar thosca amhail:

- práinne an ábhair
- castacht na saincheisteanna
- na páirtithe leasmhara is dócha a bheadh ag iarraidh aighneachtaí a dhéanamh
- méid na gcáipéisí a bhfuiltear le tabhairt fúthu
- aon riachtanais reachtúla maidir le huainiú
- uainiú saoirí poiblí
- úsáid acmhainní chun déileáil leis na saincheisteanna a tharraingítear anuas.

Sa chás go molann Coimisiún na Meán tréimhse ama níos giorra ná ceithre seachtaine chun freagairt ar chomhairliúchán, tabharfaimid cúiseanna leis sin a dhéanamh.

I dtosca eisceachtúla, féadfaidh Coimisiún na Meán, dá lánrogha féin, smaoineamh ar an tréimhse chomhairliúcháin a shíneadh, má iarrann páirtí leasmhar air sin a dhéanamh. Ba cheart aon iarratas ar shíneadh a dhéanamh laistigh de sheachtain ó dháta foilsithe an chomhairliúcháin sin. Sa chás go socraíonn Coimisiún na Meán an tréimhse chomhairliúcháin a shíneadh, cuirfimid in iúl go poiblí do pháirtithe leasmhara trínár suíomh gréasáin agus féadaimid freisin é a chur in iúl trí chuntais mheán sóisialta agus trí ríomhphost do na daoine sin atá cláraithe chun fógraí a fháil.

Coimisiún na Meán

## Aighneachtaí

Cuirtear fáilte roimh aighneachtaí maidir le comhairliúcháin phoiblí ó gach duine leasmhar, lena n-áirítear úsáideoirí agus soláthróirí seirbhíse, agus grúpaí sochaí sibhialta.

Beidh treoracha i ngach cáipéis chomhairliúcháin maidir le conas aighneachtaí a chur chuig Coimisiún na Meán. Ba cheart ráitis a chur ar fáil i scríbhinn i bhformáid leictreonach le rochtain léigh/scríobh ach glacfar freisin le ráitis a sheachadtar trí phost nó de láimh.

Chun cabhrú le Coimisiún na Meán breithniú ceart a dhéanamh ar gach aighneacht a fhaightear, spreagtar do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh ar bhealach a leanann go dlúth formáid na cáipéise comhairliúcháin. Leagfaidh Coimisiún na Meán amach teorainneacha ar na haighneachtaí a bhreithneoidh sé i ngach cáipéis chomhairliúcháin.

Forchoimeádann Coimisiún na Meán go hiomlán a theidlíocht gan aon aighneachtaí a bhreithniú nach gcloíonn leis na srianta infheidhmithe.

## Foilsiú aighneachtaí

Is é polasaí Choimisiún na Meán gach aighneacht ar chomhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú. Ba cheart aighneachtaí a chur ar fáil mar cháipéisí neamhrúnda, le haon fhaisnéis a n-éilítear rúndacht ina leith (e.g. faisnéis atá íogair maidir le tráchtáil) curtha ar fáil in aguisín faoi leith; nó féadfar leagan folaithe neamhrúnda a chur isteach, taobh leis an leagan rúnda. Ní fhoilseofar aon cháipéisí a mharcáiltear rúnda sa bhealach seo. Mar sin féin, ní bheidh Coimisiún na Meán faoi dhliteanas aon cháipéis a nochtar ina dhiaidh sin de bhun iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nó eile de réir dlí.

## Rannpháirtíocht tar éis comhairliúcháin

Breithneoidh Coimisiún na Meán de ghnáth aighneachtaí scríofa amháin agus ní thabharfaidh sé do fhreagróirí deis uiríll ó bhéal a dhéanamh.

Má tá beart molta dírithe ar eintiteas aonair, measfaidh Coimisiún na Meán an bhfuil uiríll ó bhéal ón soláthróir aonair ag teastáil mar chuid den phróiseas. Féadfaidh Coimisiún na Meán dá lánrogha nótaí cruinnithe ina n-achoimrítear cruinnithe le soláthróirí aonair, folaithe de réir mar is cuí chun faisnéis rúnda a fhágáil as an áireamh.

**Tuarascáil chomhairliúcháin**

Cuirfidh Coimisiún na Meán san áireamh gach aighneacht a dhéantar. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an próiseas coibhéiseach le cleachtadh vótála ar thograí agus bainfidh Coimisiún na Meán feidhm as a bhreithiúnas tar éis na haighneachtaí a dhéantar a bhreithniú. Ceapfaidh Coimisiún na Meán a thuairimí féin go neamhspleách ar thuairimí aon chomhairlithe faoi leith.

Foilseoidh Coimisiún na Meán tuarascáil chomhairliúcháin tar éis gach próiseas comhairliúcháin. Aithnítear go bhféadfaidh réimse leathan geallsealbhóirí a bheith ann mar le haon saincheist faoi leith. Leagfaidh Coimisiún na Meán amach na príomh-shaincheisteanna a eascraíonn ó na príomhphointí a tugadh ar bord, chomh maith leis na príomhphointí nárbh fhéidir a thabhairt ar bord ar chúiseanna praiticiúla, dlíthiúla nó polasaí. Féadfaidh Coimisiún na Meán a shocrú glacadh leis an mbeart ar a bhfuiltear a dhéanamh comhairliúcháin, le leasú nó gan.